RÚN (AE) 2022/1814 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais Tionscail Bhithbhunaithe (anois an Comhghnóthas um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais Tionscail Bhithbhunaithe don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0074/2022),

A. de bhrí, le Rialachán (AE) Uimh. 560/2014 ón gComhairle ([1]), gur bunaíodh an Comhghnóthas Tionscail Bhithbhunaithe (an "Comhghnóthas") mar chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí ar feadh tréimhse 10 mbliana chun na geallsealbhóirí ábhartha go léir a thabhairt le chéile agus chun rannchuidiú leis an Aontas a bhunú mar phríomhghníomhaí i dtaighde, taispeáint agus imscaradh táirgí bithbhunaithe agus bithbhreoslaí ardfhorbartha;

B. de bhrí gurb iad an tAontas, a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht thar a cheann, agus comhpháirtithe tionsclaíocha, a ndéanann Cuibhreannas na dTionscal Bithbhunaithe ("BIC") ionadaíocht thar a gceann, comhaltaí bunaidh an Chomhghnóthais;

C. de bhrí gurb é EUR 975 000 000 ranníocaíocht uasta an Aontais le hoibríochtaí an Chomhghnóthais, faoi Fhís 2020, lena n-áirítear leithreasuithe CSTE, a bhfuil suas le EUR 29 250 000 de le haghaidh caiteachas riaracháin, agus go bhfuiltear ag dréim go ndéanfaidh Comhaltaí an Chomhghnóthais, seachas an tAontas, ranníocaíocht iomlán de EUR 2 730 000 000 ar a laghad thar an tréimhse 10 mbliana d'fhad an Chomhghnóthais, arb é EUR 182 500 000 de sin an ranníocaíocht íosta airgeadais i leith costais oibríochtúla; de bhrí, ina theannta sin, go ndéanfaidh na comhaltaí seachas an tAontas nó a gcomheintitis ranníocaíochtaí comhchineáil dar luach EUR 1 755 000 000 ar a laghad, arb éard a bheidh iontu na costais a thabhaíonn siad agus gníomhaíochtaí breise á gcur chun feidhme acu lasmuigh de phlean oibre bliantúil an Chomhghnóthais agus a rannchuidíonn lena chuspóirí;

Bainistíocht bhuiséid agus airgeadais

1. ag tabhairt dá haire go bhfionntar sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí (an "Cúirt") maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais (an "tuarascáil ón gCúirt") sna cuntais bhliantúla ó 2020 go ndéantar staid airgeadais an Chomhghnóthais an 31 Nollaig 2020 a chur i láthair go cothrom, i ngach cás ábhartha, agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreafaí airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch, i gcomhréir le rialachán airgeadais an Chomhghnóthais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go bhfuil na hidirbhearta is bun leis na cuntais dleathach agus rialta i ngach cás ábhartha;

2. ag tabhairt dá haire go bhfuil leithreasuithe faoi chomhair gealltanas de EUR 111 733 166, a bhfuil EUR 67 604 259 de ó bhuiséad an Aontais, agus leithreasuithe íocaíochta de EUR 196 631 962, a bhfuil EUR 184 010 322 de ó bhuiséad an Aontais, ar áireamh sa bhuiséad deiridh do 2020 a bhí ar fáil le haghaidh cur chun feidhme, lena n-áirítear leithreasuithe arna gcur isteach an athuair ó bhlianta roimhe sin nár úsáideadh, ioncam sannta agus ath-leithdháileadh go dtí an bhliain dar gcionn;

3. ag tabhairt dá haire, maidir le buiséad an Chomhghnóthais do 2020 a bhí ar fáil do thionscadail Fhís 2020, gurbh ionann na rátaí cur chun feidhme maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasaí íocaíochta agus 100 % agus 85 % faoi seach;

4. ag tabhairt dá haire go n-áiríodh i mbuiséad bunaidh an Chomhghnóthais barrachas measartha mór de bhuiséad nár úsáideadh ó bhlianta roimhe sin (go príomha 2018 agus 2019), arb ionann é agus tuairim is EUR 1 000 000 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe íocaíochta agus ar an taobh oibríochtúil thart ar EUR 20 400 000 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 28 800 000 i leithreasuithe íocaíochta; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, i gcomhthéacs barrachas arna thabhairt ar aghaidh de leithreasú mór íocaíochta, ar mó é mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, gur cinneadh EUR 25 300 000 de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí oibríochtúla a chur ar ais chuig na blianta tionscnaimh, lena n-athghníomhachtú sna blianta ina dhiaidh sin lena mbeadh gá níos mó (i gcomhréir le riail N+3);

([1]) IO L 169, 7.6.2014, lch. 130.

5. ag tabhairt dá haire, ós rud é gurb amhlaidh ag deireadh 2020, gur ranníoc an tAontas EUR 603 176 000, agus gur ranníoc an ghrúpáil tionscail EUR 41 927 000 i gcomhchineál a bailíochtaíodh, EUR 12 465 000 in airgead tirim i leith costais riaracháin agus EUR 3 250 000 in airgead tirim i leith costais oibríochtúla; ag tabhairt dá haire gur deimhníodh ranníocaíocht chomhchineáil EUR 929 212 506 ar an iomlán, ag deireadh 2020, i leith gníomhaíochtaí breise;

6. ag tabhairt dá haire nach raibh na sonraí ar fad maidir leis na ranníocaíochtaí comhchineáil bailíochtaithe sa tuarascáil bhliantúil ón gCúirt maidir le Comhghnóthais AE do 2020; á iarraidh sí ar an gComhghnóthas moilleanna ar thuairisciú ranníocaíochtaí comhchineáil a laghdú;

7. ag tabhairt dá haire nár bhain ranníocaíochtaí comhchineáil an lucht tionscail i leith gníomhaíochtaí breise, arna meas ag deireadh 2020, ach leath den spriocmhéid íosta amach a bunaíodh in Airteagal 4(4) de rialacháin bhunaidh an Chomhghnóthais; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, cé gur leasaíodh a rialachán bunaidh go sainráite in 2018 chun a chur ar chumas an lucht tionscail cuntas a thabhairt ar a ranníocaíochtaí airgid thirim ar leibhéal tionscadail i leith EUR 182 500 000 ar a laghad, nach ndearna lucht tionscail aon ranníocaíochtaí airgid thirim breise i leith costais oibríochtúla an Chomhghnóthais in 2020, rud a thugann le fios go mbíonn ar an gComhghnóthas dul i ngleic le bacainní suntasacha maidir le ranníocaíochtaí den sórt sin a fháil ó na comhaltaí príobháideacha agus nach mbainfear an sprioc íosta amach faoi dheireadh chlár Fhís 2020 ag tabhairt dá haire gur laghdaigh an Coimisiún (AS RTD) a ranníocaíochtaí airgid thirim leis an gComhghnóthas faoi EUR 140 000 000; ag tabhairt dá haire, leis an laghdú suntasach sin ar ranníocaíochtaí na gcomhaltaí, go raibh baol ann nach mbainfear amach clár oibre um thaighde agus nuálaíocht an Chomhghnóthais maidir le Fís 2020; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuarascáil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa ar phlean gníomhaíochta i dtaobh na saincheiste sin;

8. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, sa tuarascáil ón gCúirt maidir le cuntais an Chomhghnóthais go dtugtar aird ar an bhfíoras nach raibh i ranníocaíochtaí comhchineáil iomlána an lucht tionscail i leith gníomhaíochtaí breise ach 53 % den íosmhéid EUR 1 755 000 000, a bhunaítear i Rialachán (AE) Uimh. 560/2014; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur thuairiscigh an lucht tionscail ag deireadh 2020, tuairim is EUR 95 700 000 de ranníocaíochtaí comhchineáil i leith gníomhaíochtaí oibríochtúla as EUR 433 000 000 a gealladh tar éis gach glao de chuid Fhís 2020 a bheith seolta; ag tabhairt dá haire, dá bhrí sin, go léiríonn an cás sin go bhfuil ardriosca ann nach mbainfidh an Comhghnóthas amach, faoi dheireadh chlár Fhís 2020, na spriocanna a bhfuiltear ag dréim leo ó thaobh ranníocaíochtaí comhchineáil a lucht tionscail mar a bhunaítear i Rialachán (AE) Uimh. 560/2014 agus sna pleananna bliantúla oibre a glacadh; ag cur sonrú i bhfreagra an Chomhghnóthais go bhfuil sé den tuairim go laghdófar an bhearna sin go suntasach sna blianta atá le teacht ós rud é go dtiocfaidh méadú suntasach ar dhearbhú agus deimhniú na ranníocaíochtaí comhchineáil i gcomhréir le dúnadh thionscadail an Chomhghnóthais agus, ina theannta sin, gur thug lucht tionscail gealltanas maidir le spriocanna infheistíochta breise do 2021 agus ina dhiaidh sin ina bpeirspictíocht airgeadais a cuireadh faoi bhráid bhord rialaithe an Chomhghnóthais; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh i dtaobh aon fhorbartha ina thaobh sin; ag tabhairt dá haire, sa mhéid iomlán de ranníocaíochtaí comhchineáil i leith gníomhaíochtaí breise de EUR 916 000 000 ag deireadh 2019, gur áiríodh ranníocaíochtaí comhchineáil de thart ar EUR 216 000 000 a tuairiscíodh le haghaidh 2019, ach nár cuireadh an próiseas deimhniúcháin i gcrích mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus go bhfuil an tasc ag dul ar aghaidh i gcónaí mar a luaitear sa tuarascáil ón gCúirt; á iarraidh ar an gComhghnóthas an próiseas deimhniúcháin don bhliain 2019 a thabhairt chun críche faoi Mheitheamh 2022;

9. ag tabhairt dá haire go bhfuil nósanna imeachta éagsúla ann ar fud Comhghnóthas maidir le ríomh na ranníocaíochtaí comhchineáil agus á iarraidh go ndéanfaí iad a chomhchuibhiú;

Feidhmíocht

10. ag tabhairt dá haire go bhfuil, ar an iomlán, 124 thionscadal i bpunann tionscadal an Chomhghnóthais (64 Ghníomhaíocht Taighde agus Nuálaíochta (RIAnna), 35 Ghníomhaíocht Thaispeána (DEMOnna), 11 tionscadal shuaitheanta agus 14 Ghníomhaíocht Chomhordaithe agus Tacaíochta, a d'eascair as na glaonna 2014-2019 ag tabhairt dá haire ina theannta sin, tar éis bailchríoch a chur ar phróiseas Ullmhúcháin an Chomhaontaithe Deontais (GAP) ó ghlao 2020, go bhfuiltear ag dréim go gcuirfí seacht RIA, ceithre DEMO, trí Thionscadal Shuaitheanta agus ceithre thionscadal CSA le punann tionscadal an Chomhghnóthais; á iarraidh ar an gComhghnóthas an líon tionscadal críochnaithe agus an líon tionscadal atá ar siúl faoi láthair a fhoilsiú ina thuarascáil bhliantúil ar mhaithe le tuilleadh soiléireachta;

11. ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, laistigh de na 124 thionscadal arna gcistiú faoi ghlaonna 2014-2019 de chuid an Chomhghnóthais, chomh maith leis an 18 dtionscadal atá fós in GAP ó ghlao 2020, go bhfuil 1 006 thairbhí ann a ionadaíonn an earnáil phríobháideach-bhrabúsach, arb ionann agus 59,5 % de thairbhithe uile an Chomhghnóthais; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, i gcás ghlao 2020, go ndeimhnítear an treocht sin le rannpháirtíocht phríobháideach-bhrabúsach lena gcumhdaítear 56 % de líon iomlán na rannpháirtithe sna tograí a coinníodh;

12. á chur in iúl gur oth léi, le dearadh an ghlao ón gComhghnóthas in 2020, nár áirithíodh an cuimsiú is iomláine de na ceithre ábhar taispeántais straitéiseacha, i gcomhréir lena chlár oibre taighde sa phlean oibre bliantúil; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur ghá tograí incháilithe agus ardscóir le haghaidh ceann de na hábhair thaispeána a dhiúltú ar mhaithe le hábhair thaispeána eile, ar glacadh le roinnt tograí maidir le cómhaoiniú ina leith;

13. ag tabhairt dá haire go n-úsáideann an Comhghnóthas Eochairtháscairí Feidhmíochta coiteanna Fhís 2020 agus chun faireachán a dhéanamh ar shaincheisteanna trasearnálacha, agus ocht gcinn de tháscairí sonracha a bhaineann go sonrach leis an gComhghnóthas;

14. ag tabhairt dá haire gur deimhníodh, in 2020, feidhmíocht éifeachtúil an Chomhghnóthais sna croí-oibríochtaí, ag leanúint de na treochtaí dearfacha a tugadh faoi deara sna blianta roimhe sin: am chun faisnéis a thabhairt (TTI), baineadh amach sprioc TTI a bhaineann leis an am a thóg sé faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí ar Ghlao 2020 in Eanáir 2021, thóg sé 137 lá in aghaidh sprioc 153 lá; b'ionann am chun deontas a thabhairt (TTG) do thionscadail faoi ghlao 2019 a coinníodh agus 237 lá ar an meán in aghaidh sprioc 245 lá (in am 96 %) ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur síníodh na Comhaontuithe Deontais uile in am seachas ceann amháin, ar cuireadh moill air mar gheall ar athruithe sa chuibhreannas agus srianta a bhain le COVID-19 ag tabhairt dá haire gurb é an t-am chun íocaíocht a dhéanamh (TTP) maidir le réamh-mhaoiniú i dtaca le tionscadail ó Ghlao 2019 a coinníodh ná 12 lá ar an meán in aghaidh sprioc 30 lá (in am 100 %); ag tabhairt dá haire gurb ionann TTP i gcás íocaíochtaí tréimhsiúla agus 72 lá ar an meán in aghaidh sprioc 90 lá (in am 93 %);

15. ag tabhairt dá haire, sa tuarascáil bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí ón gComhghnóthas, go bhfuil an Comhghnóthas ag feidhmiú go héifeachtúil ar an iomlán agus go sáraíonn a mheánfheidhmíocht in aghaidh na dtrí phríomh-eochairtháscaire feidhmíochta d'Fhís 2020 na spriocanna atá leagtha síos, in ainneoin na ndálaí dúshlánacha in 2020;

16. ag tabhairt dá haire nach mór aghaidh a thabhairt ar shaincheist na gceart maoine intleachtúla (CMI) i ngach conradh a d'fhéadfadh éifeacht bheartaithe a bheith ar an bhfeidhmíocht, nó toradh, amhail staidéir, anailís nó meastóireachtaí; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé mar aidhm cearta cruthaitheoirí aonair a chosaint, ach sonraí a sholáthar freisin maidir leis an gcaoi a n-úsáidfear na cearta amach anseo; ag tabhairt dá haire, ós rud é gur le hairgead poiblí a dhéantar na ceannacháin, gur cheart go mbeadh na torthaí trédhearcach agus inrochtana don phobal; á iarraidh ar an gComhghnóthas soiléiriú a dhéanamh ar chearta maoine intleachtúla agus níos mó trédhearcachta a thabhairt maidir le toradh an taighde;

Nósanna imeachta soláthair agus earcaíochta

17. ag tabhairt dá haire go gceanglaítear le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) go ndéanfaidh institiúidí agus comhlachtaí uile an Aontais, lena n-áirítear na Comhghnóthais, réitigh a dhearadh agus a chur chun feidhme maidir le sonraí arna dtíolacadh i nósanna imeachta dámhachtana a thíolacadh, a stóráil agus a phróiseáil, agus chun na críche sin, go mbunófar limistéar aonair "idirmhalartú leictreonach sonraí" le haghaidh rannpháirtithe; ag tabhairt dá haire go bhfuil an réiteach Ríomhsholáthair á fhorbairt ag an gCoimisiún leis an Tairseach chomhtháite "Cistiú agus Tairiscintí" agus le Ríomhthairiscint TED, áit a bhfuil rochtain ag an bpobal ar gach tairiscint a fhoilsítear; ag tabhairt dá haire go gcuirtear cur chuige comhchuibhithe ar fáil leis an réiteach Ríomhsholáthair agus go mbunaítear cleachtais chorparáideacha do phróisis soláthair, ag tacú leo trí chur chuige lán-chomhtháite; ag tabhairt dá haire, áfach, nach bhfuil sé beartaithe ag an gComhghnóthas gach modúl den ardán a úsáid mar gheall ar an líon íseal nósanna imeachta soláthair ardluacha atá acu; á iarraidh ar an gComhghnóthas páirt a ghlacadh i réiteach ríomhsholáthair an Choimisiúin i gcomhréir le prionsabal malartaithe aonair sonraí leictreonacha, dá bhforáiltear le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go mbeidh a soláthairtí faoi réir iomaíochta ar an mbonn is leithne is féidir; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh ina thaobh sin;

18. ag tabhairt dá haire, faoi dheireadh 2020, gur 23 bhall foirne a bhí i gclároifig an Chomhghnóthais agus gur seoladh nós imeachta earcaíochta amháin in 2020 agus dá bharr sin gur earcaíodh Ceann an Chláir (gníomhaire sealadach) sa tseirbhís; ag tabhairt dá haire gur aistríodh an nós imeachta earcaíochta ar fad, lena n-áirítear an t-ionad measúnaithe, go suíomh cianda, de bharr phaindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go ndeachaigh an Glao-Chomhordaitheoir Cúnta (gníomhaire sealadach), an tOifigeach Cumarsáide (gníomhaire sealadach), Oifigeach Tionscadail (ghníomhaire ar conradh) agus Cúntóir Airgeadais (ghníomhaire ar conradh) isteach sa Chomhghnóthas in 2020;

([2]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

19. ag tabhairt dá haire gur tugadh na hearcaíochtaí sin chun críche le blianta beaga anuas agus go raibh úsáid éifeachtúil liostaí na n-ionadaithe ríthábhachtach chun a áirithiú go dtiocfadh baill foirne, go tráthuil, in ionad na foirne a bhí ag fágáil an Chomhghnóthais in 2019; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, chun gur féidir dul i ngleic le buaic-am an ualaigh oibre, thug an Comhghnóthas i gcrích — tríd an gcreatchonradh ón gCoimisiún maidir le seirbhísí eatramhacha — roinnt conarthaí gearrthéarmacha do sheirbhísí eatramhacha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na Clároifige; ag cur béim ar an bhfíoras, áfach, gur cheart gur réiteach sealadach a bheadh san úsáid a bhainfí as foireann eatramhach ós rud é go bhféadfadh sé, murach sin, tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht an Chomhghnóthais ina hiomláine, amhail coimeád na bpríomhinniúlachtaí, bealaí neamhshoiléire cuntasachta agus éifeachtúlacht níos ísle foirne;

20. á chur in iúl gur díol sásaimh di an tionscnamh suirbhé ón gComhghnóthas lena rabhthas in ann tionchar COVID-19 ar fhostaithe a bhrath agus lena léiríodh go bhfuil tuirse trí chéile ann mar gheall ar leithlisiú, cantal teaghlaigh, srianta ar ghluaiseacht lasmuigh den bhaile, easuan agus an easpa idirghníomhaíochta sóisialta agus cumarsáide le comhghleacaithe; ag moladh aird a tharraingt ar dhea-bhail, ar bhainistiú struis agus ar chothromaíocht oibre is saoil; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil aon struchtúr tacaíochta ann chun dea-bhail shíceolaíoch na foirne sa Chomhghnóthas a áirithiú;

21. ag tabhairt dá haire, faoi dheireadh 2020, de réir a thuarascála bliantúla ar ghníomhaíochtaí, go raibh 23 bhall foirne ag an gComhghnóthas ó 10 mBallstát (26 % fir agus 74 % mná);

Rialuithe inmheánacha agus iniúchadh inmheánach

22. ag tabhairt dá haire go bhfuil nósanna imeachta rialaithe *ex-ante* iontaofa curtha ar bun ag an gComhghnóthas bunaithe ar athbhreithnithe doiciméad airgeadais agus oibríochtúla; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur chuir an Comhghnóthas creat rialaithe inmheánaigh (ICF) an Choimisiúin chun feidhme, in 2020, ar creat é atá bunaithe ar 17 bprionsabal den rialú inmheánach, agus gur fhorbair an Comhghnóthas, don fhéinmheasúnú bliantúil agus don fhaireachán bliantúil ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí rialaithe a cheanglaítear le ICF, táscairí ábhartha do na prionsabail rialaithe inmheánaigh uile agus do na saintréithe gaolmhara uile. ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil prionsabail uile na samhla rialaithe nua fite fuaite i struchtúr eagraíochtúil an Chomhghnóthais agus go mbraitheann siad ar mheascán de rialuithe *ex ante* agus *ex post*, deighilt dualgas, próisis agus nósanna imeachta doiciméadaithe, rialú ar dhialltaí, agus cur chun cinn iompair eiticiúil;

23. ag tabhairt dá haire, de réir thuarascáil na Cúirte, go bhfuil seirbhís choiteann iniúchóireachta an Choimisiúin freagrach as an iniúchadh *ex-post* ar íocaíochtaí Fhís 2020 a rinne an Comhghnóthas agus, bunaithe ar na torthaí iniúchta *ex-post* a bhí ar fáil faoi dheireadh 2020, gur thuairiscigh sí ráta earráide ionadaíoch 1,47 % agus ráta earráidí iarmharacha 1,06 % i gcás thionscadail Fhís 2020 (imréitigh agus íocaíochtaí deiridh); ag tabhairt dá haire, sa togra ón gCoimisiún maidir le Fís 2020, gurb é aidhm dheiridh i gcás an leibhéil iarmharaigh earráide tráth a ndúnfar na cláir tar éis thionchar airgeadais na n-iniúchtaí, na mbeart ceartúcháin agus aisghabhála uile a bheith curtha san áireamh, go mbainfear amach an leibhéal atá chomh gar agus is féidir do 2 %;

24. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt, mar chuid de na rialuithe ar íocaíochtaí oibríochtúla, sampláil randamach ar íocaíochtaí Fhís 2020 a rinneadh in 2020 ar leibhéal na dtairbhithe deiridh chun comhthacú leis na rátaí earráide iniúchóireachta *ex-post*; ag tabhairt dá haire sna hiniúchtaí mionsonraithe gur nochtadh i gcás amháin earráid os cionn 1 % de na costais iniúchta a bhain le ceartú gan údar na gcostas pearsanra arna ndearbhú agus arna nglacadh cheana féin sa tréimhse tuairiscithe ina dhiaidh sin;

25. ag cur béim ar an bhfíoras, sa tuarascáil bhliantúil ón gCúirt ar Chomhghnóthais AE do 2020, go bhfuair an Chúirt earráidí córasacha leanúnacha sna costais phearsanra a bhí dearbhaithe ag tairbhithe, go háirithe i gcás FBManna agus tairbhithe nua; ag tabhairt dá haire go ndearnadh earráidí den sórt sin a thuairisciú go rialta sna hiniúchtaí *ex post* ar an tSeirbhís Choiteann Iniúchóireachta agus ar a iniúchóirí ar conradh; á thabhairt chun suntais, ar leathanach 39 den tuarascáil sin, gur réamhchoinníoll é cuíchóiriú rialacha Fhís 2020 maidir le costais phearsanra a dhearbhú agus úsáid níos leithne a bhaint as roghanna costais simplithe le haghaidh clár réime taighde a bheidh ann amach anseo, ar mhaithe le rátaí earráide a chobhsú go leibhéal níos ísle ná an leibhéal ábharthachta; ag spreagadh an Chomhghnóthais neartú a dhéanamh ar a chórais rialaithe inmheánaigh i bhfianaise gur gnách le FBManna agus tairbhithe nua níos mó earráidí a dhéanamh;

26. ag tabhairt dá haire go ndearna an tseirbhís um iniúchóireacht inmheánach (IAS) dhá iniúchadh dhearbhaithe, go dtí 2020, ar an gComhghnóthas maidir le hathbhreithniú teoranta ar chur chun feidhme na gcaighdeán rialaithe inmheánaigh agus maidir le próiseas deontais Fhís 2020 ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur chuir IAS a Phlean Straitéiseach um Iniúchóireacht Inmheánach i gcrích i mí Feabhra 2020, lena gcumhdaítear an tréimhse 2021-2023;

Coinbhleacht leasa agus rioscaí calaoise a bhainistiú agus a chosc

27. á chur in iúl gur saoth léi gur chuir an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) clabhsúr ar imscrúdú sa chéad leath de 2020 ina bhfuarthas fianaise maidir le neamhrialtachtaí agus calaois i ngníomhaíochtaí de chuid dhá thairbhí a raibh baint acu le tionscadail Fhís 2020, lena n-áirítear tionscadail a chómhaoinigh an Comhghnóthas ag tabhairt dá haire gur chuir an Comhghnóthas moltaí OLAF i ndáil leis na tairbhithe sin chun feidhme, in 2020, den chuid is mó, lena n-áirítear aisghabhálacha a phróiseáil, deireadh a chur le rannpháirtíocht na dtairbhithe dá ndéantar difear sa chuid is mó de na comhaontuithe deontais agus féachaint go gníomhach ar thairbhithe eile a bhféadfadh fadhbanna a bheith ag baint leo; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, nár áiríodh i dtuarascáil OLAF aon torthaí ná conclúidí a bhaineann le laigí i gcórais rialaithe inmheánaigh an Chomhghnóthais agus go bhfuil tionchar airgeadais an cháis seo faoi bhun leibhéil ábharthachta; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh ina thaobh sin;

28. ag tabhairt dá haire go bhfuil rialacha maidir le coinbhleacht leasa i dtaca le foireann agus comhlachtaí uile an Chomhghnóthais i bhfeidhm ag an gComhghnóthas i gcomhréir leis an tsamhail a chomhaontaigh an Coimisiún; ag tabhairt dá haire, thairis sin go bhfuil tacar cuimsitheach rialacha agus nósanna imeachta forbartha ag an gclároifig, ar rialacha agus nósanna imeachta iad a chuirtear chun feidhme go héifeachtach ar fud a struchtúir rialachais ina iomláine; á iarraidh ar an gComhghnóthas CVanna chomhaltaí a Bhoird Rialaithe a fhoilsiú;

29. ag tabhairt dá haire go bhfuil straitéis frithchalaoise i bhfeidhm a chumhdaíonn calaois a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc agus a bhrath chomh maith leis na coinníollacha maidir lena himscrúdú ag tabhairt dá haire go ndéantar an straitéis frithchalaoise le haghaidh bainistiú deontas a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhar le seirbhísí an Choimisiúin, gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus comhghnóthais a chuireann clár réime Fhís 2020 chun feidhme; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go gcuirtear foireann an Chomhghnóthais ar an eolas go leanúnach faoi rioscaí calaoise a shainaithint, agus go gcuirtear uirlisí tiomnaithe ar fáil chun cásanna amhrasacha a chosc, a bhrath agus a thuairisciú; á iarraidh ar an gComhghnóthas machnamh a dhéanamh ar scéim oiliúna bhuan agus stóinsithe a chur chun feidhme dá fhostaithe, go háirithe iad siúd a oibríonn go díreach le glaonna ar thograí agus le deontais, chun caighdeáin eiticiúla a neartú agus an baol go dtarlóidh iompar mí-eiticiúil a íoslaghdú, a mbeadh tionchar diúltach aige sin ar bhainistiú fónta airgeadais;

30. ag tabhairt dá haire gur ainmnigh an Chlároifig a comhfhreagraí le OLAF maidir le gach gníomhaíocht a bhaineann le calaois a thuairisciú, tacú le OLAF maidir le cúrsaí imscrúdaithe, obair leantach a dhéanamh ar mholtaí OLAF agus comhoibriú ar chosc calaoise; ag tabhairt dá haire go bhfuair an Chlároifig, le linn 2020, na chéad iarrataí ó OLAF chun tacú lena roghnú agus lena himscrúdú.